Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**7739/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0290(COD)**

**CODEC 752**
**TRANS 218**
**PE 112**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 92/106/CEE maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú do chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit<br>- An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa,<br>(Strasbourg, an 25 go dtí an 28 Márta 2019) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Daniela AIUTO (EFDD, IT), tuarascáil ar an togra le haghaidh Treorach thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht. Sa tuarascáil sin, bhí ochtó a haon leasú (leasuithe 1-81) ar an togra.

Anuas air sin, chuir na grúpaí polaitiúla na leasuithe seo a leanas síos: Chuir ECR cúig leasú síos (leasuithe 83-87), chuir na Glasaigh/SCE cúig leasú síos (leasuithe 88-92) agus chuir GUE/NGL leasú amháin síos (leasú 82).

## II. VÓTÁIL

Tráth ar caitheadh vóta ar an 27 Márta 2019, ghlac an seisiún iomlánach leasuithe 1-81 ar an togra le haghaidh Treorach.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[1].

---

[1] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail "▌".

# Rialacha comhchoiteanna do chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Márta 2019 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/106/CEE maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú do chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (COM(2017)0648 – C8-0391/2017 – 2017/0290(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0648),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0391/2017),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Aibreán 2018[2],

– Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 5 Iúil 2018[3],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht agus don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A8-0259/2018),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

[2] IO C 262, 25.7.2018, lch. 52.
[3] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) An tionchar diúltach atá ag an iompar ar thruailliú aeir, astaíochtaí gás ceaptha teasa, timpistí, torann agus plódú, ***leanann sé d'fhadhbanna a chruthú don gheilleagar agus do shláinte agus folláine shaoránaigh na hEorpa. Cé gurb é iompar de bhóthar an phríomhchúis leis na héifeachtaí diúltacha sin, meastar go méadóidh iompar lasta de bhóthar faoi 60 faoin gcéad faoin mbliain 2050.*** | (1) ***Is é aidhm fhoriomlán na Treorach seo ná gréasán iompair ilmhódach agus tíosach ar acmhainní a bhunú agus laghdú a dhéanamh*** ar an tionchar diúltach atá ag an iompar ar thruailliú aeir, astaíochtaí gás ceaptha teasa, timpistí, torann agus plódú tráchta. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ar cheann de na príomhspriocanna atá fós le beartas iompair an Aontais tá laghdú ar an tionchar diúltach atá ag gníomhaíochtaí iompair. Tá Treoir 92/106/CEE[21] ón gComhairle, lena mbunaítear bearta chun forbairt an iompair chomhcheangailte a spreagadh, ar an aon ghníomh reachtach ón Aontas lena ndreasaítear go díreach an t-aistriú ó iompar lasta de bhóthar chuig modhanna iompair lena ngabhann astaíochtaí níos ísle, amhail iompar d'uiscebhealaí intíre, iompar muirí agus iompar d'iarnród. | (2) Ar cheann de na príomhspriocanna atá fós le beartas iompair an Aontais tá laghdú ar an tionchar diúltach atá ag gníomhaíochtaí iompair. Tá Treoir 92/106/CEE[21] ón gComhairle, lena mbunaítear bearta chun forbairt an iompair chomhcheangailte a spreagadh, ar an aon ghníomh reachtach ón Aontas lena ndreasaítear go díreach an t-aistriú ó iompar lasta de bhóthar chuig modhanna iompair lena ngabhann astaíochtaí níos ísle, amhail iompar d'uiscebhealaí intíre, iompar muirí agus iompar d'iarnród. ***Chun éifeachtaí diúltacha an iompair de bhóthar a laghdú tuilleadh, ba cheart go spreagfaí comhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit maidir le réitigh as a n-eascródh ródúchán níos fearr, barrfheabhsú na líonraí, méaduithe ar*** |

***éifeachtúlacht ualaigh agus na féidearthachtaí i ndáil le costais sheachtracha a ghearradh, agus ba cheart go spreagfaí taighde air sin freisin.***

[21] Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú do chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 368, 17.12.1992, lch. 38).

[21] Treoir 92/106/CEE ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú do chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (IO L 368, 17.12.1992, lch. 38).

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) An sprioc 30% d’iompar lasta de bhóthar os cionn 300 km a aistriú chuig modhanna eile iompair amhail iompar d’iarnród nó iompar d’uiscebhealach faoi 2030 agus níos mó ná 50% de a aistriú chuig modhanna eile iompair faoi 2050, ***chun feidhmíocht slabhraí lóistíochta ilmhódacha a bharrfheabhsú, lena n-áirítear trí úsáid mhéadaithe a bhaint as modhanna atá níos tíosaí ar fhuinneamh, tá an dul chun cinn atá déanta ar an sprioc sin níos moille ná a measadh agus, de réir na réamh-mheastachán reatha, ní bhainfear amach í.*** | (3) Maidir leis an sprioc 30% d’iompar lasta de bhóthar os cionn 300 km a aistriú chuig modhanna eile iompair amhail iompar d’iarnród nó iompar d’uiscebhealach faoi 2030 agus níos mó ná 50% de a aistriú chuig modhanna eile iompair faoi 2050, ***tá sí le baint amach trí ghnóthachain éifeachtúlachta agus trí fheabhsuithe ar an mbonneagar in earnáil an iarnróid agus in earnáil an uisce-iompair.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chuir Treoir 92/106/CEE le beartas an Aontais um iompar comhcheangailte a fhorbairt agus le méid suntasach lasta a aistriú ar shiúl ón mbóthar. Laghdaíodh | (4) Chuir Treoir 92/106/CEE le beartas an Aontais um iompar comhcheangailte a fhorbairt agus le méid suntasach lasta a aistriú ar shiúl ón mbóthar. Mar thoradh ar |

| | |
|---|---|
| tionchar na Treorach sin go suntasach, áfach, mar gheall ar na heasnaimh atá ann ar a cur chun feidhme, go háirithe an teanga dhébhríoch agus na forálacha atá as dáta a leagtar amach inti, ***agus*** raon feidhme teoranta na mbeart tacaíochta. | easnaimh i gcur chun feidhme na Treorach sin, go háirithe maidir le teanga dhébhríoch agus forálacha atá as dáta, raon feidhme teoranta a beart tacaíochta, ***mar aon leis na bacainní maorlathacha agus caomhnaitheachta laistigh den earnáil iarnróid,*** tá laghdú suntasach déantar ar a tionchar. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Leis an Treoir seo, ba cheart go ndéanfaí an bealach a réiteach do sheirbhísí lasta idirmhódacha agus ilmhódaigh éifeachtúla, lena n-áiritheofar cothroime iomaíochta le haghaidh gach modha iompair.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Ba cheart Treoir 92/106/CEE a shimpliú agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dreasachtaí eacnamaíocha d'iompar comhcheangailte d'fhonn ***aistriú earraí ó*** iompar de bhóthar ***chuig modhanna eile a spreagadh, ar modhanna iad nach bhfuil chomh díobhálach céanna don chomhshaol, atá níos sábháilte agus níos tíosaí ar fhuinneamh agus nach bhfuil an leibhéal céanna plódaithe ag baint leo.*** | (5) Ba cheart Treoir 92/106/CEE a shimpliú agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dreasachtaí eacnamaíocha d'iompar comhcheangailte, agus é mar aidhm leis sin ***feabhas a chur ar iomaíochas iompair iarnróid agus uisce-iompair i gcomparáid le*** hiompar de bhóthar. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is oibríochtaí idirmhódacha náisiúnta 19,3 % den iompar idirmhódach ar fad san Aontas. Ní bhaineann oibríochtaí den sórt sin tairbhe as na bearta tacaíochta dá bhforáiltear le Treoir 92/106/CEE faoi láthair mar gheall ar raon feidhme teoranta an tsainmhínithe ar iompar comhcheangailte. Mar sin féin, tá tionchar lasmuigh de theorainneacha náisiúnta ag éifeacht dhiúltach na n-oibríochtaí náisiúnta iompair de bhóthar, mar atá astaíochtaí gás ceaptha teasa agus plódú go háirithe. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach raon feidhme Threoir 92/106/CEE a leathnú chuig oibríochtaí náisiúnta iompair chomhcheangailte (laistigh de Bhallstát) chun tacú le hiompar comhcheangailte a fhorbairt a thuilleadh san Aontas, rud a chabhróidh leis an aistriú módach ó iompar de bhóthar chuig iompar d'iarnród, iompar d'uiscebhealaí intíre agus loingseoireacht ghearrthurais. | (6) Is oibríochtaí idirmhódacha náisiúnta 19.3 % den iompar idirmhódach ar fad san Aontas. Ní bhaineann oibríochtaí den sórt sin tairbhe as na bearta tacaíochta dá bhforáiltear le Treoir 92/106/CEE faoi láthair mar gheall ar raon feidhme teoranta an tsainmhínithe ar iompar comhcheangailte. Mar sin féin, tá tionchar thar na teorainneacha náisiúnta ag éifeacht dhiúltach na n-oibríochtaí náisiúnta iompair de bhóthar agus, go háirithe, tá tionchar ag astaíochtaí gás ceaptha teasa agus plódú. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach raon feidhme Threoir 92/106/CEE a leathnú chuig oibríochtaí náisiúnta iompair chomhcheangailte (laistigh de Bhallstát) chun tacú le hiompar comhcheangailte a fhorbairt tuilleadh san Aontas, rud a chabhróidh leis an aistriú módach ó iompar de bhóthar chuig iompar d'iarnród, iompar d'uiscebhealaí intíre agus loingseoireacht ghearrthurais. ***Tá an maolú ar na rialacha cabatáiste teoranta go fóill, áfach, d'oibríochtaí iompair chomhcheangailte idirnáisiúnta arna ndéanamh idir Ballstáit éagsúla. Beidh sé de cheangal ar na Ballstáit seiceálacha éifeachtacha a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar na rialacha sin a chomhlíonadh agus chun comhchuibhiú dálaí oibre agus sóisialta a chur chun cinn ar fud na modhanna éagsúla iompair agus na mBallstát éagsúil.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart go mbeadh na céimeanna bóthair d'oibríocht iompair chomhcheangailte cumhdaithe le Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009[1a] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus le Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009[1b] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle má tá siad ina gcuid d'oibríocht iompair idirnáisiúnta nó d'oibríocht iompair intíre faoi seach. Is gá freisin cosaint shóisialta na dtiománaithe a dhéanann gníomhaíochtaí i mBallstát eile a áirithiú. Forálacha i ndáil le tiománaithe a phostú, dá bhforáiltear faoi Threoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1c], agus i ndáil le forfheidhmiú na bhforálacha sin faoi Threoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1d], ba cheart go mbeadh feidhm acu maidir le tarlóirí a oibríonn ar chéimeanna bóthair d'oibríochtaí iompair chomhcheangailte. Ba cheart céimeanna bóthair a mheas a bheith ina gcuid dhílis d'oibríocht iompair chomhcheangailte aonair. Go háirithe, na rialacha i ndáil le hoibríochtaí iompair idirnáisiúnta dá bhforáiltear leis na Treoracha sin, ba cheart go mbeadh feidhm acu maidir le céimeanna bóthair atá mar chuid d'oibríocht iompair chomhcheangailte idirnáisiúnta. Sa bhreis air sin, i gcás oibríochtaí cabatáiste, ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha maidir le hiompar cabatáiste a leagtar síos i Rialachán 1072/2009 i ndáil le céimeanna bóthair atá ina gcuid d'oibríocht iompair chomhcheangailte intíre.*** |
| | ______________ |
| | ***[1a]Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha*** |

***comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle, (IO L 300, 14.11.2009, lch. 51).***

***[1b]Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtain ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar, (IO L 300, 14.11.2009, lch. 72).***

***[1c]Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).***

***[1d]Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('Rialachán IMI') ( IO L 159, 28.5.2014, lch. 11).***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Is gá a shoiléiriú go bhfuil sé ceadaithe 44 thona ollmheáchain a bheith i leantóirí agus i leathleantóirí atá intógtha le craein má tá na haonad luchtaithe aitheanta de réir chaighdeáin idirnáisiúnta ISO6346 agus EN13044.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) De bhrí go n-úsáidtear stampaí ar bhealach seanchaite chun a chruthú gur cuireadh oibríocht iompair chomhcheangailte i gcrích, cuirtear cosc ar fhorfheidhmiú éifeachtach na mbeart nó fíorú na hincháilitheachta do na bearta dá bhforáiltear i dTreoir 92/106/CEE. Ba cheart soiléiriú a thabhairt maidir leis an bhfianaise atá ag teastáil chun a chruthú go bhfuil oibríocht iompair chomhcheangailte á déanamh agus maidir leis an modh ina soláthrófar fianaise den sórt sin. Ba cheart úsáid agus tarchur faisnéise leictreonaí iompair a spreagadh agus shimpleodh sin an soláthar fianaise ábhartha agus an dóigh a bpléann na húdaráis ábhartha leis an bhfianaise sin. Ba cheart formáid atá iontaofa agus barántúil a úsáid. Ba cheart forbairtí ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh sa chreat rialála agus i dtionscnaimh lena simplítear nósanna imeachta riaracháin agus digitiú na ngnéithe iompair. | (11) De bhrí go n-úsáidtear stampaí ar bhealach as dáta chun a chruthú gur cuireadh oibríocht iompair chomhcheangailte i gcrích, cuirtear cosc ar fhorfheidhmiú éifeachtach na mbeart nó fíorú na hincháilitheachta do na bearta dá bhforáiltear i dTreoir 92/106/CEE. Ba cheart soiléiriú a thabhairt maidir leis an bhfianaise atá ag teastáil chun a chruthú go bhfuil oibríocht iompair chomhcheangailte á déanamh agus maidir leis an modh ina soláthrófar fianaise den sórt sin. Ba cheart úsáid agus tarchur faisnéise leictreonaí iompair a spreagadh, rud a shimpleodh an soláthar fianaise ábhartha agus an dóigh a bpléann na húdaráis ábhartha leis an bhfianaise sin, ***d'fhonn úsáid doiciméad páipéir a chéimniú amach sa todhchaí***. Ba cheart formáid atá iontaofa agus barántúil a úsáid. Ba cheart forbairtí ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh sa chreat rialála agus i dtionscnaimh lena simplítear nósanna imeachta riaracháin agus digitiú na ngnéithe iompair. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) D'fhonn an t-iompar comhcheangailte a dhéanamh iomaíoch agus tarraingteach d'oibreoirí, go háirithe do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ba cheart go n-íoslaghdófaí an t-ualach riaracháin a bhaineann le hoibríocht iompair chomhcheangailte , seachas*** |

***oibríocht iompair aonmhódaigh, a dhéanamh.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Tá raon feidhme na mbeart reatha tacaíochta eacnamaíche a shainítear i dTreoir 92/106/CEE an-teoranta. Is é a chuimsítear ann ná bearta fioscacha (eadhon cánacha a aisíoc nó a laghdú) nach mbaineann ach le hoibríochtaí iompair chomhcheangailte d'iarnród/de bhóthar. Ba cheart bearta den sórt sin a leathnú chuig oibríochtaí iompair chomhcheangailte lena gcumhdaítear iompar d'uiscebhealaí intíre agus iompar muirí. Ba cheart tacú le cineálacha ábhartha eile beart freisin amhail bearta tacaíochta infheistíochta bonneagair nó bearta difriúla tacaíochta eacnamaíche. | (12) Tá raon feidhme na mbeart reatha tacaíochta eacnamaíche a shainítear i dTreoir 92/106/CEE an-teoranta. Is é a chuimsítear ann ná bearta fioscacha (eadhon cánacha a aisíoc nó a laghdú) nach mbaineann ach le hoibríochtaí iompair chomhcheangailte d'iarnród/de bhóthar. Ba cheart bearta den sórt sin a leathnú chuig oibríochtaí iompair chomhcheangailte lena gcumhdaítear iompar d'uiscebhealaí intíre agus iompar muirí. Ba cheart tacú le cineálacha ábhartha eile beart freisin, amhail bearta tacaíochta infheistíochta maidir le bonneagar ***agus teicneolaíocht dhigiteach*** nó bearta éagsúla tacaíochta eacnamaíche. ***I ndáil le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart foráil a dhéanamh d'idirthréimhse le haghaidh dí-ábharú a dhéanamh ar dhoiciméid lena ndeimhnítear go bhfuil iompar comhcheangailte tar éis tarlú. Le linn na hidirthréimhse sin, ba cheart ionstraimí na n-údarás cigireachta a uasghrádú ó thaobh na teicneolaíochta de. Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht i gcríochfoirt thrasloingsithe chun plódú tráchta ar na bóithre a laghdú, chun maolú a dhéanamh ar scoiteacht limistéar tionsclaíoch nach bhfuil bonneagar den sórt sin iontu agus chun inrochtaineacht agus nascacht dhigiteach na saoráidí láimhseála lasta a fheabhsú.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Is ar leibhéal an chríochfoirt trasloingsithe atá an príomhscrogall bonneagair lena gcuirtear bac ar an aistriú ó iompar lasta de bhóthar chuig modhanna eile iompair. Ní leor dáileadh ná cumhdach reatha na gcríochfort trasloingsithe san Aontas – nó ní leor iad feadh an Chroíghréasáin agus an Ghréasáin Chuimsithigh reatha TEN-T ar a laghad ach dá ainneoin sin, táthar ar tí teorainn acmhainne na gcríochfort reatha trasloingsithe a shroicheadh agus beidh gá an acmhainn sin a fhorbairt chun go mbeifear in ann déileáil leis an bhfás foriomlán ar thrácht lasta. D'fhéadfaí costais fhoriomlána trasloingsithe a laghdú agus ar an gcaoi sin aistriú módach gaolmhar a spreagadh dá ndéanfaí infheistíocht in acmhainn na gcríochfort trasloingsithe, mar a léiríodh i roinnt Ballstát cheana. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit, ag gníomhú dóibh i gcomhar le Ballstáit chomharsanacha agus leis an gCoimisiún, a áirithiú go dtógfar tuilleadh críochfort trasloingsithe le haghaidh iompar comhcheangailte nó go gcuirfear tuilleadh acmhainn trasloingsithe ar fáil d'oibreoirí iompair. Bheadh an méid sin ina dhreasacht chun dul de roghanna eile iompair lasta agus mhéadódh sé aistriú módach, rud a dhéanfadh oibríochtaí iompair chomhcheangailte níos iomaíche ná iompar de bhóthar amháin. Ba cheart cumhdach agus acmhainn mhéadaithe na gcríochfort trasloingsithe a bhunú feadh an Chroíghréasáin agus an Ghréasáin Chuimsithigh TEN-T atá ann cheana ar a laghad. Ar an meán, ba cheart críochfort trasloingsithe oiriúnach amháin ar a laghad le haghaidh iompar comhcheangailte a bheith lonnaithe fad nach mó ná 150 km ó aon láthair loingsithe san Aontas. | (13) Is ar leibhéal an chríochfoirt trasloingsithe atá an príomhscrogall bonneagair lena gcuirtear bac ar an aistriú ó iompar lasta de bhóthar chuig modhanna eile iompair***, agus is measa atá an scéal mar gheall ar nach bhfuil gréasán TEN-T curtha chun feidhme ar bhealach comhleanúnach.*** Ní leor dáileadh ná cumhdach reatha na gcríochfort trasloingsithe san Aontas – nó ní leor iad feadh an Chroíghréasáin agus an Ghréasáin Chuimsithigh reatha TEN-T ar a laghad ach dá ainneoin sin, táthar ar tí teorainn acmhainne na gcríochfort reatha trasloingsithe a shroicheadh agus beidh gá an acmhainn sin a fhorbairt chun go mbeifear in ann déileáil leis an bhfás foriomlán ar thrácht lasta. D'fhéadfaí costais fhoriomlána trasloingsithe a laghdú agus ar an gcaoi sin aistriú módach gaolmhar a spreagadh dá ndéanfaí infheistíocht in acmhainn na gcríochfort trasloingsithe, mar a léiríodh i roinnt Ballstát cheana. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit, ag gníomhú dóibh i gcomhar le Ballstáit chomharsanachta agus leis an gCoimisiún, a áirithiú ***go ndéanfar, i gcás inar gá, na críochfoirt trasloingsithe atá ann cheana a leathnú agus*** go ndéanfar tuilleadh críochfort trasloingsithe le haghaidh iompar comhcheangailte a thógáil nó a chur ar fáil d'oibreoirí iompair ***nó tuilleadh pointí trasloingsithe a shuiteáil sna limistéir ina bhfuil gá leo.*** Bheadh an méid sin ina dhreasacht chun dul de roghanna eile iompair lasta agus mhéadódh sé aistriú módach, rud a dhéanfadh oibríochtaí iompair chomhcheangailte níos iomaíche ná iompar de bhóthar amháin. Ba cheart cumhdach agus acmhainn mhéadaithe na gcríochfort trasloingsithe a bhunúfeadh an |

Chroíghréasáin agus an Ghréasáin Chuimsithigh TEN-T atá ann cheana ar a laghad. Ar an meán, ba cheart críochfort trasloingsithe oiriúnach amháin ar a laghad le haghaidh iompar comhcheangailte a bheith lonnaithe fad nach mó ná 150 km ó aon láthair loingsithe san Aontas. ***Maidir leis na hioncaim a ghintear ón tobhach i leith muirir costas seachtrach dá bhforáiltear faoi Airteagal 2 de Threoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], ba cheart go rachaidís chun tairbhe d'iompar comhcheangailte.***

---

***[1a] Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar thromfheithiclí earraí (IO L 187, 20.07.1999, lch. 42).***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht i gcríochfoirt thrasloingsithe chun scrogaill tráchta agus limistéir phlódaithe a laghdú, go háirithe na cinn atá gar do limistéir uirbeacha agus fho-uirbeacha, chun go mbeadh sé níos éasca constaicí nádúrtha amhail ceantair shléibhtiúla a trasnú, chun idirnaisc trasteorann a neartú, chun astaíochtaí truailleán aeir a laghdú agus chun feabhas a chur ar an rochtain ar limistéir thionsclaíocha atá ar díthbonneagar den chineál sin., agus chun feabhas a chur ar an rochtain ó na limistéir sin freisin*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart do na Ballstáit bearta breise tacaíochta eacnamaíche a chur chun feidhme i dteannta na gceann atá ann cheana, agus iad dírithe ar na céimeanna éagsúla d'oibríocht iompair chomhcheangailte, chun iompar lasta de bhóthar a laghdú agus chun úsáid modhanna eile iompair amhail iompar d'iarnród, iompar d'uiscebhealaí intíre agus iompar muirí a spreagadh, rud a laghdódh truailliú aeir, astaíochtaí gás ceaptha teasa, timpistí tráchta ar bhóithre, torann agus plódú. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le bearta den sórt sin: cánacha nó táillí iompair áirithe a laghdú, deontais a sholáthar d'aonaid lóid idirmhódaigh a iompraítear le fírinne in oibríochtaí iompair chomhcheangailte, agus costais trasloingsithe a aisíoc go páirteach. | (14) Ba cheart do na Ballstáit bearta breise tacaíochta eacnamaíche a chur chun feidhme i dteannta na gceann atá ann cheana, agus iad dírithe ar na céimeanna éagsúla d'oibríocht iompair chomhcheangailte, chun iompar lasta de bhóthar a laghdú agus chun úsáid modhanna eile iompair amhail iompar d'iarnród, iompar d'uiscebhealaí intíre agus iompar muirí a spreagadh, rud a laghdódh truailliú aeir, astaíochtaí gás ceaptha teasa, timpistí tráchta ar bhóithre, torann agus plódú***, agus gníomhaíocht a spreagfadh chun borradh a chur faoi dhigitiú na hearnála agus an mhargaidh inmheánaigh agus chun é a chur chun feidhme.*** D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le bearta den sórt sin: cánacha nó táillí iompair áirithe a laghdú, deontais a sholáthar d'aonaid lóid idirmhódaigh a iompraítear le fírinne in oibríochtaí iompair chomhcheangailte, agus costais trasloingsithe a aisíoc go páirteach***, i measc bearta eile***. ***D'fhéadfaí a áireamh le bearta den sórt sin comhtháthú córas ceangailte agus uathoibriú oibríochtaí a chothú mar aon le hinfheistíocht i lóistíocht dhigiteach, córais nuálaíocha láimhseála lasta, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus córais iompair chliste, chun sreafaí faisnéise a éascú. D'fhéadfaí a áireamh freisin le bearta den sórt sin borradh a chur faoin bhfeidhmíocht chomhshaoil, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht an iompair chomhcheangailte trí úsáid feithiclí glana nó feithiclí astaíochtaí ísle agus úsáid breoslaí ionadúla a spreagadh, trí thacú le hiarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus le húsáid fuinnimh in-athnuaite ar fud shlabhra an iompair*** |

***chomhcheangailte agus trí na cineálacha éagsúlanúise a bhaineann le hiompar, lena n-áirítear torann, a laghdú.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Ba cheart go leanfadh na cistí agus na cláir éagsúla um maoiniú taighde in AE de thacú leis na Ballstáit maidir le gnóthú aidhmeanna na Treorach seo.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14b) Uirlis thábhachtach eile is ea an infheistíocht sa lóistíocht chun iomaíochas an iompair chomhcheangailte a dhéanamh níos iomaíche. Dhéanfaí malartú sonraí a éascú, éifeachtúlacht agus costas oibríochtaí trasloingsithe a fheabhsú agus an t-am a thógtar lena ndéanamh a laghdú trí úsáid a bhaint as réitigh dhigiteacha ar bhonn níos córasaí, lena n-áirítear teicneolaíochtaí cumarsáide agus faisnéise nó córais chliste cheangailte.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 14 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14c) Ina theannta sin, neartódh infheistíocht in oiliúint an lucht saothair sa slabhra lóistíochta, go háirithe ag críochfoirt thrasloingsithe, iomaíochas an iompair chomhcheangailte.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ba cheart bearta tacaíochta le haghaidh oibríochtaí iompair chomhcheangailte a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha um Státchabhair atá sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). | (15) Ba cheart bearta tacaíochta le haghaidh oibríochtaí iompair chomhcheangailte a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha um Státchabhair atá sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). ***Le státchabhair, éascaítear forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha nuair nach ndéanann sí difear do dhálaí trádála an oiread go mbeadh dochar ann don leas coiteann de réir bhrí Airteagal 107(3)(c) CFAE, agus is uirlis úsáideach í trína gcuirtear chun cinn tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur i gcrích de réir bhrí Airteagal 107(3)(b) CFAE. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh, sna cásanna sin, ar na Ballstáit a dhíolmhú go páirteach ón gceanglas dá bhforáiltear in Airteagal 108(3) CFAE maidir leis an gCoimisiún a chur ar an eolas.*** |

.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart bearta ***tacaíochta*** a chomhordú, de réir mar is gá, idir na Ballstáit agus an Coimisiún. | (16) ***Chun infheistíochtaí forluiteacha a d'fhéadfadh a bheith ann idir Ballstáit atá i ndlúthghaireacht dá chéile a sheachaint***, ba cheart bearta ***tacaíochta*** a chomhordú, de réir mar is gá, idir na Ballstáit agus an Coimisiún, ***trí dhlúthchomhar idir údaráis inniúla na mBallstát***. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart do na Ballstáit na bearta tacaíochta a athbhreithniú ar bhonn rialta freisin chun a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht a áirithiú. | (17) Ba cheart do na Ballstáit bearta tacaíochta a athbhreithniú ar bhonn rialta freisin chun a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht a áirithiú***, agus ba cheart measúnú a dhéanamh ar a dtionchar foriomlán ar earnáil iompair na hEorpa, mar a léirítear sa tStraitéis Eorpach um Shoghluaisteacht Íseal-Astaíochtaí. Ba cheart bearta ceartaitheacha a dhéanamh de réir mar is gá. Ba cheart don Choimisiún, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit, measúnú a dhéanamh ar na bearta éagsúla a dtugann na Ballstáit fúthu agus ar éifeachtúlacht na mbeart sin, agus ba cheart dó comhroinnt an dea-chleachtais a chur chun cinn.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Tá an easpa staidrimh inchomparáide agus iontaofa ina constaic faoi láthair ar mheastóireacht a dhéanamh ar iompar traschórais san Aontas agus ar bhearta a ghlacadh chun an acmhainneacht atá ann a shaothrú.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Chun déileáil le héabhlóid an iompair san Aontas, agus le héabhlóid an mhargaidh iompair chomhcheangailte go háirithe, ba cheart do na Ballstáit sonraí agus faisnéis ábhartha a bhailiú agus a thuairisciú chuig an gCoimisiún ar bhonn rialta agus ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach ceithre bliana. | (19) Chun déileáil le héabhlóid an iompair san Aontas, agus le héabhlóid an mhargaidh iompair traschórais go háirithe, ba cheart do na Ballstáit sonraí agus faisnéis ábhartha a bhailiú agus iad a thuairisciú chuig an gCoimisiún ar bhonn rialta agus ba cheart don Choimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle ***agus údaráis inniúla na mBallstát*** gach ceithre bliana. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) Ba cheart go mbeadh an Coimisiún freagrach as an Treoir seo a chur chun feidhme go cuí agus as gnóthú an chuspóir maidir le hiompar traschórais a fhorbairt ar bhonn uile-Aontais faoin mbliain 2030 agus faoin mbliain 2050.*** |

| | |
|---|---|
| | ***Chun na críche sin, ba cheart dó, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit, measúnú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le sciar an iompair traschórais i ngach Ballstát a mhéadú agus, más gá, togra a thíolacadh maidir leis an Treoir seo a leasú d'fhonn an cuspóir uile-Aontais sin a ghnóthú.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, mar atá ***an t-aistriú ó*** iompar de bhóthar ***chuig modhanna iompair nach bhfuil chomh díobhálach céanna don chomhshaol a chur chun cinn tuilleadh agus, ar an mbealach sin, seachtrachtaí diúltacha chóras iompair an Aontais a laghdú,*** a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr chineál trasteorann an iompair lasta chomhcheangailte agus an bhonneagair idir-nasctha, agus de bharr na bhfadhbanna a mbeartaítear aghaidh a thabhairt orthu leis an Treoir seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú. | (22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, mar atá ***iompar comhcheangailte a dhéanamh iomaíoch i gcomparáid le*** hiompar de bhóthar, a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr chineál trasteorann an iompair lasta chomhcheangailte agus an bhonneagair idir-nasctha, agus de bharr na bhfadhbanna a mbeartaítear aghaidh a thabhairt orthu leis an Treoir seo, is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 1 – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i leantóir nó leathleantóir, a bhfuil aonad tarracóra, cabhail shoghluaiste nó coimeádán air nó nach bhfuil ceann ar bith díobh air, a shainaithnítear i gcomhréir leis an gcóras sainaitheantais a bunaíodh de bhun chaighdeáin idirnáisiúnta ISO6346 agus EN13044, i gcás ina dtrasloingsítear an t-aonad lóid idir na modhanna difriúla iompair; nó | (a) i leantóir nó leathleantóir, a bhfuil aonad tarracóra, cabhail shoghluaiste nó coimeádán air nó nach bhfuil ceann ar bith díobh air, a shainaithnítear i gcomhréir leis an gcóras sainaitheantais a bunaíodh de bhun chaighdeáin idirnáisiúnta ISO6346 agus EN13044, ***lena n-áirítear leathleantóirí atá intógtha le craein a bhfuil uasliúntas meacháin 44 thona iontu,*** i gcás ina dtrasloingsítear an t-aonad lóid ***idirmhódúil neamhthionlactha*** idir na modhanna difriúla iompair ***(oibríocht iompair chomhcheangailte neamhthionlactha)***; nó |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 1 – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) le feithicil bóthair a iompraítear trí iompar d’iarnród, iompar d’uiscebhealaí intíre nó iompar muirí don chéim neamhbhóthair den turas. | (b) Le feithicil bhóthair atá á ***tionlacan ag a tiománaí agus*** á hiompar trí iompar d’iarnród, iompar d’uiscebhealaí intíre nó iompar muirí don chéim neamhbhóthair den turas ***(oibríocht iompair chomhcheangailte thionlactha).*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 1 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***De mhaolú air sin, cumhdófar le pointe (a) den mhír seo freisin go dtí [IO cuir isteach dáta 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] leantóirí agus leathleantóirí nach bhfuil intógtha le craein in oibríocht iompair chomhcheangailte neamhthionlactha nach bhfuil aitheanta i gcomhréir leis an gcóras aitheantais arna bhunú de bhun chaighdeáin idirnáisiúnta ISO6346 agus EN13044.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 1 – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Céimeanna neamhbhóthair ina n-úsáidtear iompar d'uiscebhealaí intíre nó iompar muirí nach bhfuil aon mhalairt choibhéiseach iompair de bhóthar orthu ***nó atá dosheachanta in oibríocht iompair atá inmharthana ó thaobh tráchtála de***, ní chuirfear san áireamh iad chun críocha na n-oibríochtaí iompair chomhcheangailte. | Céimeanna neamhbhóthair ina n-úsáidtear iompar d'uiscebhealaí intíre nó iompar muirí nach bhfuil aon mhalairt iompair de bhóthar ann atá coibhéiseach leo ***nó atá inmharthana ó thaobh tráchtála***, ní chuirfear san áireamh iad chun críocha na n-oibríochtaí iompair chomhcheangailte. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 1 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní sháróidh aon chéim bhóthair dá dtagraítear i mír 2 ***an ceann is faide de na faid seo a leanas*** i gcríoch an Aontais:<br><br>***(a) fad 150 km i bhfoirm líne díreach trasna tíre;***<br><br>***(b) 20 % den fhad i bhfoirm líne díreach trasna tíre idir an pointe luchtaithe don chéim thosaigh agus an pointe díluchtaithe don chéim dheiridh, i gcás inar mó an fad sin ná an fad dá dtagraítear i bpointe (a).*** | Ní sháróidh aon chéim bhóthair dá dtagraítear i mír 2 ***fad 150 km*** i gcríoch an Aontais. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 1 – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfar*** an fhadteorainn don chéim bhóthair ***a shárú*** d'oibríochtaí iompair chomhcheangailte de bhóthar/d'iarnród, ***i gcás ina mbeidh sé sin údaraithe*** ag an mBallstát nó ag na Ballstáit a gcuirtear an chéim bhóthair i gcrích ar a chríoch nó ar a gcríoch, chun an críochfort iompair is gaire a shroicheadh ina bhfuil an acmhainn trasloingsithe oibríochtúil a theastaíonn chun críocha luchtaithe nó díluchtaithe i ndáil le trealamh trasloingsithe, acmhainn | ***Maidir leis an bhfadteorainn don chéim bhóthair a shonraítear sa mhír seo d'oibríochtaí iompair chomhcheangailte de bhóthar/d'iarnród, déanfaidh an Ballstát nó na Ballstáit a gcuirtear an chéim bhóthair i gcrích ar a chríoch nó ar a gcríoch cead a thabhairt í a shárú, más gá é sin chun an críochfort iompair nó an pointe trasloingsithe is gaire a shroicheadh ina bhfuil an acmhainn trasloingsithe oibríochtúil a theastaíonn*** |

| | |
|---|---|
| críochfoirt agus seirbhísí cuí iompair lasta d'iarnród. | ***chun críocha luchtaithe nó díluchtaithe i ndáil le trealamh trasloingsithe, acmhainn críochfoirt, uaireanta oscailte an chríochfoirt agus seirbhísí iomchuí iompair lasta iarnróid, in éagmais críochfort nó pointe trasloingsithe lena gcomhlíontar na coinníollacha sin laistigh den fhadteorainn. Ba cheart údar cuí a thabhairt le sárú den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal mír 2, pointe ea. Féadfaidh na Ballstáit laghdú suas go 50% a dhéanamh ar fhad 150 km na céime de bhóthar i gcás oibríochtaí comhcheangailte iarnróid/bóthair ar chuid dá gcríoch atá sainithe go beacht ar bhonn cúiseanna comhshaoil agus ar choinníoll go bhfuil críochfort oiriúnach lonnaithe laistigh den fhadteorainn sin.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 1 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Measfar go bhfuil oibríocht iompair chomhcheangailte á cur i gcrích san Aontas i gcás ina gcomhlíonann an oibríocht nó an chuid den oibríocht atá á cur i gcrích san Aontas na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2 agus 3. | 4. Measfar go bhfuil oibríocht iompair chomhcheangailte á cur i gcrích san Aontas i gcás ina gcomhlíonann an oibríocht nó an chuid den oibríocht atá á cur i gcrích san Aontas na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2 agus 3. ***Chun críche na Treorach seo, ní dhéanfar an chéim bhóthair agus/nó an chéim neamhbhóthair ná an chuid sin den chéim atá á cur i gcrích lasmuigh de chríoch an Aontais a mheas a bheith ina cuid den oibríocht iompair chomhcheangailte.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach measfar go bhfuil iompar de bhóthar mar chuid d'oibríocht iompair chomhcheangailte a chumhdaítear leis an Treoir seo ach amháin i gcás inar féidir leis an iompróir fianaise shoiléir a thabhairt gurb é atá in iompar de bhóthar den sórt sin céim bhóthair d'oibríocht iompair chomhcheangailte, ***lena n-áirítear aonaid lóid atá folamh a iompar roimh iompar na n-earraí agus ina dhiaidh***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach measfar go bhfuil iompar de bhóthar mar chuid d'oibríocht iompair chomhcheangailte a chumhdaítear leis an Treoir seo ach amháin i gcás inar féidir leis an iompróir ***faisnéis*** a thabhairt ***lena soláthraítear*** fianaise shoiléir gurb é atá in iompar de bhóthar den sórt sin ná céim bhóthair d'oibríocht iompair chomhcheangailte ***agus go ndéanfar an fhaisnéis sin a tharchur go cuí, sula gcuirfear tús leis an oibríocht, chuig an tarlóir a chuirfidh an oibríocht i gcrích.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuimseofar ***san*** fhianaise dá dtagraítear i mír 1 na sonraí seo a leanas do gach oibríocht iompair chomhcheangailte: | 2. ***Ionas go measfar gur*** fianaise ***shoiléir atá inti***, déanfar ***an fhaisnéis*** dá dtagraítear i mír 1 ***a thíolacadh nó a tharchur san fhormáid dá dtagraítear i mír 5 agus*** cuimseofar inti na sonraí seo a leanas maidir le gach oibríocht iompair chomhcheangailte: |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) murab ionann iad agus sonraí an tseoltóra, ainm, seoladh, sonraí teagmhála agus síniú an oibreora atá freagrach as an oibríocht iompair chomhcheangailte a ródú;*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) má tá an fad sin thar an bhfadteorainn dá dtagraítear in Airteagal 1(3), údar cuí leis sin i gcomhréir leis na critéir dá bhforáiltear san fhomhír dheiridh de;*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) tuairisc, a bheidh ***sínithe ag an seoltóir,*** ar ródú na hoibríochta iompair chomhcheangailte, lena n-áirítear na sonraí seo a leanas ar a laghad do gach céim, agus do gach modh iompair a úsáidtear le linn na céime neamhbhóthair, den oibríocht laistigh den Aontas: | (f) tuairisc, a bheidh ***sínithe ag an oibreoir atá freagrach as an bpleanáil, le síniú is féidir a bheith i bhfoirm leictreonach,*** ar ródú na hoibríochta iompair chomhcheangailte, lena n-áirítear na sonraí seo a leanas ar a laghad do gach céim, lena n-áirítear do gach modh iompair a úsáidtear le linn na céime neamhbhóthair, den oibríocht laistigh den Aontas: |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – pointe f – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| - (ii) ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an iompróra; | - (ii) ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an iompróra ***(na n-iompróirí)***; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – pointe h – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| - ***(i) áit an trasloingsithe chuig an gcéim neamhbhóthair;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – pointe h – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| - (ii) fad na céime tosaigh d’iompair de bhóthar: fad na céime tosaigh d’iompair de bhóthar ***i líne dhíreach trasna tíre*** idir áit an loingsithe agus an chéad chríochfort trasloingsithe; | - (ii) fad na céime tosaigh d’iompair de bhóthar idir áit an loingsithe agus an chéad ***chríochfort iompair nó pointe*** críochfoirt trasloingsithe; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – pointe h – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| - (iii) i gcás ina bhfuil an chéim bhóthair thosaigh curtha i gcrích, síniú an ***iompróra*** á dheimhniú gur cuireadh an oibríocht iompair ar an gcéim bhóthair i gcrích; | - (iii) i gcás ina bhfuil an chéim bhóthair thosaigh curtha i gcrích, síniú an ***tarlóra*** á dheimhniú gur cuireadh an oibríocht iompair ar an gcéim bhóthair i gcrích; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – pointe i – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| - (ii) fad na céime deiridh d'iompair de bhóthar ***i líne dhíreach trasna tíre*** idir áit an trasloingsithe agus an áit a gcríochnaítear an oibríocht iompair chomhcheangailte san Aontas***)***; | - (ii) fad na céime deiridh iompair de bhóthar idir áit an trasloingsithe agus an áit a gcríochnaítear an oibríocht iompair chomhcheangailte san Aontas; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – pointe j – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| - (ii) nuair atá sé ar fáil, síniú nó séala na n-údarás ábhartha iarnróid nó ***na n-údarás ábhartha calafoirt*** sna críochfoirt ábhartha (stáisiún traenach nó calafort) lena mbaineann feadh na hoibríochta ar an gcéim neamhbhóthair á dheimhniú gur cuireadh an chuid ábhartha den chéim neamhbhóthair i gcrích. | - (ii) nuair atá sé ar fáil, síniú nó séala an ***údaráis*** ábhartha iarnróid ***nó an chomhlachta is freagrach*** sna críochfoirt ábhartha (stáisiún traenach nó calafort) lena mbaineann feadh na hoibríochta ar an gcéim neamhbhóthair á dheimhniú gur cuireadh an chuid ábhartha den chéim neamhbhóthair i gcrích. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 2 – pointe j a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ja) nuair a sháraítear fadteorannacha na céime de bhóthar i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 1(3) na cúiseanna is údar cuí leis sin.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfar an fhianaise dá dtagraítear i mír 1 a chur i láthair nó a tharchur ar iarratas ó oifigeach údaraithe cigireachta an Bhallstáit ina ndéantar an tseiceáil. I gcás seiceálacha cois bóthair, cuirfear an fhianaise i láthair le linn seiceála den sórt sin. Beidh an fhianaise scríofa i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit sin nó i mBéarla. Le linn seiceáil cois bóthair, ceadófar don tiománaí dul i dteagmháil leis an gceannoifig, leis an mbainisteoir iompair nó le haon duine nó eintiteas eile a d'fhéadfadh tacú leis an ***fhianaise*** dá dtagraítear i mír 2 a sholáthar. | 4. Déanfar an fhianaise dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh nó a tharchur arna iarraidh sin ag oifigeach údaraithe cigireachta an Bhallstáit ina ndéantar an tseiceáil ***agus san fhormáid dá dtagraítear i mír 5***. I gcás seiceálacha cois bóthair, cuirfear an fhianaise i láthair le linn seiceála den sórt sin***, agus laistigh de 45 nóiméad ar a mhéad***. ***Mura féidir iad a chur ar fáil tráth na seiceála bóthair, déanfar na sínithe dá dtagraítear i bpointe (h)(iii) agus i bpointe (j) de mhír 2 a thíolacadh nó a tharchur, laistigh de 5 lá oibre tar éis na seiceála, d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann.*** Beidh ***an fhianaise*** i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit sin nó i mBéarla. Le linn seiceáil cois bóthair, ceadófar don tiománaí dul i dteagmháil leis an gceannoifig, leis an mbainisteoir iompair nó le haon duine nó eintiteas eile a d'fhéadfadh tacú leis an ***fhianaise*** dá dtagraítear ***i*** mír 2 a sholáthar. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfar an fhianaise a sholáthar trí ***dhoiciméad iompair lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán Uimh. 11 ón gComhairle nó trí*** dhoiciméid iompair ***eile*** atá ann cheana ***amhail doiciméad iompair an Choinbhinsiúin maidir leis an gCoinbhinsiún ar an gConradh maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar (CMR) nó maidir le Rialacha Comhionanna maidir leis an gConradh le haghaidh Iompair Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród (CIM).*** | Féadfar an fhianaise a sholáthar trí dhoiciméad iompair atá ann cheana amhail ***na nótaí coinsíneachta dá bhforáiltear faoi na coinbhinsiúin iompair idirnáisiúnta nó náisiúnta atá ann cheana, go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún foirm chaighdeánaithe a leagan síos trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfar fianaise den sórt sin a chur i láthair nó a tharchur go leictreonach trí úsáid a bhaint as formáid struchtúrtha in-athbhreithnithe is féidir a úsáid go díreach le haghaidh nithe a stóráil agus a phróiseáil le ríomhairí, lena n-áirítear an nóta coinsíneachta leictreonach ***faoin gCoinbhinsiún maidir leis an gConradh*** | Féadfar fianaise den sórt sin a chur i láthair nó a tharchur go leictreonach trí úsáid a bhaint as formáid struchtúrtha in-athbhreithnithe is féidir a úsáid go díreach le haghaidh nithe a stóráil agus a phróiseáil le ríomhairí, lena n-áirítear forlíonadh a chur leis an nóta coinsíneachta leictreonach faoin ***gcoinbhinsiún atá ann cheana*** |

| | |
|---|---|
| ***maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar a fhorlíonadh don chéim bhóthair*.** | ***maidir le hiompar idirnáisiúnta nó náisiúnta. Beidh sé de cheangal ar údaráis na mBallstát glacadh le faisnéis leictreonach a bhaineann leis an bhfianaise. Nuair is le huirlisí leictreonacha a dhéanfar faisnéis a mhalartú idir na húdaráis agus na hoibreoirí, is teicnící próiseála sonraí leictreonacha a úsáidfear chun an malartú sin agus stóráil na sonraí sin a dhéanamh.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 5 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Rachaidh na Ballstáit i dtreo doiciméadú a dhí-ábharú de réir a chéile, agus déanfaidh siad foráil d'idirthréimhse go dtí go mbeifear go hiomlán éirithe as an bhformáid pháipéir a úsáid.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 3 – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Chun críocha na seiceálacha cois bóthair, ceadófar neamhréireacht idir an oibríocht iompair agus an fhianaise atá | 6. Chun críocha na seiceálacha cois bóthair, ceadófar neamhréireacht idir an oibríocht iompair agus an fhianaise atá |

tugtha, go háirithe i ndáil leis an bhfaisnéis ródaithe a leagtar amach i ***bpointe (g)*** de mhír 2, i gcás ina bhfuil údar cuí léi agus i gcás imthosca eisceachtúla nach bhfuil smacht ag an ***iompróir/na hiompróirí*** orthu a bheith mar chúis le hathruithe san oibríocht iompair chomhcheangailte. Chuige sin, ceadófar don tiománaí dul i dteagmháil leis an gceannoifig, leis an mbainisteoir iompair nó le haon duine nó eintiteas eile a d'fhéadfadh tuilleadh údair a thabhairt leis an neamhréireacht sin idir an fhianaise atá tugtha agus an oibríocht iarbhír.

tugtha, go háirithe i ndáil leis an bhfaisnéis ródaithe a leagtar amach i ***bpointí (f), (h) agus (i)*** de mhír 2, i gcás ina bhfuil údar cuí léi agus i gcás imthosca eisceachtúla nach bhfuil smacht ag an ***tarlóir nó na tarlóirí*** orthu a bheith mar chúis le hathruithe san oibríocht iompair chomhcheangailte. Chuige sin, ceadófar don tiománaí dul i dteagmháil leis an gceannoifig, leis an mbainisteoir iompair nó le haon duine nó eintiteas eile a d'fhéadfadh tuilleadh údair a thabhairt leis an neamhréireacht sin idir an fhianaise atá tugtha agus an oibríocht iarbhír.

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, ar an gcéad ásc faoin [xx/xx/xxxx - ***18*** mí tar éis thrasuí na Treorach] agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, tuarascáil ina dtabharfar an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis na hoibríochtaí iompair chomhcheangailte a chumhdaítear leis an Treoir seo ar a gcríoch: | 1. Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, ar an gcéad ásc faoin [xx/xx/xxxx - ***12*** mhí tar éis thrasuí na Treorach] agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, tuarascáil ina dtabharfar an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis na hoibríochtaí iompair chomhcheangailte a chumhdaítear leis an Treoir seo ar a gcríoch: |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na ***naisc*** ghréasáin iompair náisiúnta agus trasteorann a úsáidtear in oibríochtaí iompair chomhcheangailte; | (a) na ***conairí*** gréasáin iompair náisiúnta agus trasteorann a úsáidtear in oibríochtaí iompair chomhcheangailte; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an méid in aonaid choibhéise fiche troigh (TEU) agus i dtona-ciliméadair atá in oibríochtaí iompair chomhcheangailte de réir cineál oibríochta (iompar d'iarnród, iompar de ***bhóthar***, iompar d'uiscebhealaí i***ntíre***, ***etc...***); agus de réir cumhdach geografach (náisiúnta agus laistigh den Aontas); | (b) an toirt ***iomlán agus bhliantúil*** in aonaid choibhéise fiche troigh (TEU) agus i dtona-ciliméadair atá in oibríochtaí iompair chomhcheangailte de réir cineál oibríochta (***céim bhóthair/céim neamhbhóthair, eadhon trí*** iompar d'iarnród, d'uiscebhealaí ***intíre*** agus ar ***bhealaí muirí***) agus de réir cumhdach geografach (náisiúnta agus laistigh den Aontas); |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) líon agus cumhdach geografach na gcríochfort lena bhfreastalaítear ar oibríochtaí iompair chomhcheangailte agus líon na dtrasloingsithe a dhéantar ***ar*** na críochfoirt ***sin*** gach bliain; | (c) ***líon na dtrasloingsithe a chuirtear i gcrích trí theicneolaíochtaí démhodhacha agus cumhdach geografach na bpointí trasloingsithe sin, mar aon le*** líon, ***láthair*** agus cumhdach geografach na gcríochfort lena bhfreastalaítear ar oibríochtaí iompair chomhcheangailte, ***le miondealú de réir chineál na n-oibríochtaí in aghaidh an chríochfoirt (céim bhóthair/céim neamhbhóthair, eadhon iompar d'iarnród, d'uiscebhealaí intíre agus ar bhealaí muirí)*** agus líon na dtrasloingsithe in aghaidh na bliana ***agus measúnú ar an acmhainn a úsáidtear i*** gcríochfoirt; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 1 – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) athruithe ar sciar an iompair traschórais agus ar na modhanna éagsúla iompair ar an gcríoch,*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) forbhreathnú ar na bearta náisiúnta tacaíochta uile a úsáidtear agus a bheartaítear, lena n-áirítear an glacadh leis na bearta faoi seach agus an tionchar measúnaithe atá acu. | (d) forbhreathnú ar na bearta náisiúnta tacaíochta uile a úsáidtear agus a bheartaítear, lena n-áirítear an glacadh atá leis na bearta faoi seach agus measúnú ar an tionchar atá acu ***ar úsáid iompair chomhcheangailte agus an difear a dhéanann siad a mhéid a bhaineann le hinbhuanaitheacht shóisialta agus chomhshaoil, scrogall tráchta, plódú tráchta, sábháilteacht agus éifeachtúlacht***. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 1 – pointe d a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) líon agus suíomh geografach na n-oibríochtaí a sháraíonn an fhadteorainn don chéim bhóthair dá dtagraítear in Airteagal 1(3).*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 1 – pointe d b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) pointí tionscnaimh agus cinn scríbe,*** |

***ar leibhéal NUTS 3, na sreafaí lasta ar bhóithre an Ghréasáin tras-Eorpach Iompair (TEN-T) a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *;***

**** Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).***

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a Déanfaidh an Coimisiún na sonraí arna dtarchur ag na Ballstáit a fhoilsiú i bhfoirm trína bhféadfar comparáid a dhéanamh idir na Ballstáit.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Bunaithe ar anailís ar na tuarascálacha náisiúnta, déanfaidh an Coimisiún, ar an gcéad ásc faoin [xx/xx/xxx - 9 mí tar éis an spriocdháta deiridh faoinar cheart do na Ballstáit tuarascáil a chur isteach] agus dhá bhliain ina dhiaidh sin, tuarascáil a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na nithe seo a leanas: | 3. Ar bhonn anailís ar na tuarascálacha náisiúnta, ***agus ar shonraí staidrimh arna dtarraingt suas ar bhonn tásca agus modheolaíochtaí atá comhchoiteann ar fud an Aontais,*** déanfaidh an Coimisiún, ar an gcéad ásc faoin [xx/xx/xxx - 9 mí tar éis an spriocdháta deiridh faoinar cheart do na Ballstáit tuarascáil a chur isteach] agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, tuarascáil a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle ***agus údaráis inniúla na mBallstát*** maidir leis na nithe seo a leanas: |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 3 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) forbairt eacnamaíoch an iompair chomhcheangailte, go háirithe i bhfianaise éabhlóid fheidhmíocht comhshaoil na modhanna difriúla iompair; | (a) forbairt eacnamaíoch an iompair thraschórais, ***ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal uile-Aontais***, go háirithe i bhfianaise éabhlóid fheidhmíocht comhshaoil na modhanna difriúla iompair; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeart tacaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 6; | (c) éifeachtacht agus éifeachtúlacht na mbeart tacaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 6, ***trí na bearta a shonrú a mheasann sé is éifeachtúla chun freastal ar bhunchuspóir na Treorach seo agus chun freastal ar dhea-chleachtas sna Ballstát***; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 3 – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) athruithe ar sciar an iompair chomhcheangailte i ngach Ballstát agus ar leibhéal an Aontais, d'fhonn cuspóirí iompair an Aontais a ghnóthú faoi 2030 agus 2050;*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 5 – mír 3 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) bearta féideartha eile, lena n-áirítear athbhreithniú ar an sainmhíniú ar iompar comhcheangailte mar a thugtar in | (d) bearta féideartha breise, lena n-áirítear athbhreithniú ar an sainmhíniú ar iompar comhcheangailte mar a |

| | |
|---|---|
| Airteagal 1 agus athrú ar an liosta beart dá bhforáiltear in Airteagal 6. | shainmhínítear in Airteagal 1***, feabhsuithe ar bhailiú sonraí agus ar fhoilsiú na sonraí sin ar leibhéal an Aontais,*** agus oiriúnú ar an liosta beart dá bhforáiltear in Airteagal 6***, lena n-áirítear leasuithe féideartha ar rialacha maidir le Státchabhair***. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 6(1):*** |
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar na cánacha a liostaítear i mír 3 atá infheidhme maidir le feithiclí bóthair (leoraithe, tarracóirí, leantóirí ***nó*** leathleantóirí) agus iad ródaithe in iompar comhcheangailte a laghdú nó a aisíoc, agus méid caighdeánach i gceist, nó méid atá i gcomhréir leis na turais a dtugann na feithicil sin fúthu d'iarnród, laistigh de theorainneacha agus i gcomhréir le coinníollacha agus rialacha a dhéanfaidh siad a shocrú tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. | "1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar na cánacha a liostaítear i mír 3 atá infheidhme maidir le feithiclí bóthair (leoraithe, tarracóirí, leantóirí , leathleantóirí***, uiscebhealaí intíre, coimeádáin nó aonaid luchtaithe ilmhódacha***) agus iad ródaithe in iompar comhcheangailte a laghdú nó a aisíoc, agus méid caighdeánach i gceist, nó méid atá i gcomhréir leis na turais a dtugann na feithicil sin fúthu d'iarnród ***nó d'iompar d'uiscebhealaí intíre***, laistigh de theorainneacha agus i gcomhréir le coinníollacha agus rialacha a dhéanfaidh siad a shocrú tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún." |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A31992L0106)*

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 b (nua)**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4b) In Airteagal 6(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:*** |
| Déanfaidh an Stát ina bhfuil na feithiclí cláraithe na laghduithe agus na haisíocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad mhír a dheonú ar bhonn na dturas d’iarnród a ndéanfar difear dóibh laistigh den Stát sin. | "Déanfaidh an Stát ina bhfuil na feithiclí cláraithe na laghduithe agus na haisíocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad mhír a dheonú ar bhonn na dturas d’iarnród ***nó d’uiscebhealaí intíre*** a ndéanfar difear dóibh laistigh den Stát sin." |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A31992L0106)*

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 c (nua)**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4c) In Airteagal 6(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:*** |
| Féadfaidh na Ballstáit, áfach, na laghduithe nó na haisíocaíochta sin a dheonú ar bhonn na dturas d’iarnród a dhéantar go páirteach nó go hiomlán lasmuigh den Bhallstát ina bhfuil na feithiclí cláraithe. | "Féadfaidh na Ballstáit, áfach, na laghduithe nó na haisíocaíochta sin a dheonú ar bhonn na dturas d’iarnród ***nó d’uiscebhealaí intíre*** a dhéantar go páirteach nó go hiomlán lasmuigh den Bhallstát ina bhfuil na feithiclí cláraithe." |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A31992L0106)*

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Nuair is gá chun an aidhm dá dtagraítear i mír 9 a bhaint amach, déanfaidh na Ballstáit na bearta is ga chun tacú le hinfheistíocht i ***gcríochfoirt trasloingsithe*** i ndáil leis na nithe seo a leanas : | 4. Nuair is gá chun an aidhm dá dtagraítear i mír 9 a bhaint amach, déanfaidh na Ballstáit na bearta is ga chun tacú le hinfheistíocht i ***gcríochfoirt iompair agus i bpointí trasloingsithe*** i ndáil leis na nithe seo a leanas: |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***críochfoirt trasloingsithe den sórt sin*** a thógáil d'iompar comhcheangailte ***agus, nuair is gá, iad a leathnú***; | (a) críochfoirt trasloingsithe a thógáil ***nó pointí trasloingsithe a shuiteáil***, ***i limistéir nach bhfuil saoráidí oiriúnacha ar fáil iontu laistigh den fhadteorainn dá dtagraítear in Airteagal 1(3),*** d'iompar comhcheangailte, ***mura rud é nach bhfuil gá leis na saoráidí sin ar an ábhar nach bhfuil siad ábhartha ó thaobh an gheilleagair de nó ar chúiseanna a bhaineann le gnéithe geografacha nó nádúrtha de limistéar ar leith***; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) na críochfoirt atá ann cheana a leathnú, i limistéir ina bhfuil gá le hacmhainn bhreise chríochfoirt, nó pointí trasloingsithe breise a shuiteáil agus, i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar na tionchair eacnamaíocha, ar measúnú é lena léirítear nach ndéanfaí aon difear diúltach don mhargadh agus go bhfuil gá leis na críochfoirt nua, agus ar choinníoll go bhfuil na hábhair imní comhshaoil curtha san áireamh, críochfoirt nua a thógáil le haghaidh iompar comhcheangailte;*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) éifeachtúlacht oibríochtúil a mhéadú i gcríochfoirt atá ann cheana. | (b) éifeachtúlacht oibríochtúil a mhéadú i gcríochfoirt atá ann cheana, ***lena n-áirítear trí rochtain ar na críochfoirt sin a áirithiú***. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Measfar bearta tacaíochta d'iompar comhcheangailte a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach de réirbhrí Airteagal 107(3) CFAE agus déanfar iad a dhíolmhú ón gceanglas fógra in Airteagal 108(3) CFAE, ar choinníoll nárbh ionann iad agus níos mó ná 35% de na costais oibríochtaí ar fad.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rachaidh na Ballstáit i mbun comhordaithe le Ballstáit chomharsanacha agus leis an gCoimisiún agus áiritheoidh siad, tar éis bearta den sórt sin a chur chun feidhme, go dtabharfar tosaíocht do dháileadh geografach cothromaithe agus dóthanach saoráidí oiriúnacha san Aontas a áirithiú, go háirithe ar an gCroíghréasán agus an Gréasán Cuimsitheach TEN-T, ar choinníoll nach mbeidh aon láthair san Aontas suite níos faide ná ***150 km*** ó chríochfort den sórt sin. | Rachaidh na Ballstáit i mbun comhordaithe le Ballstáit chomharsanacha agus leis an gCoimisiún agus áiritheoidh siad, tar éis bearta den sórt sin a chur chun feidhme, go dtabharfar tosaíocht do dháileadh geografach cothromaithe agus dóthanach saoráidí oiriúnacha san Aontas a áirithiú, go háirithe ar an gCroíghréasán agus an Gréasán Cuimsitheach TEN-T, ar choinníoll nach mbeidh aon láthair san Aontas suite níos faide ná ***an teorainn dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(3)*** ó chríochfort den sórt sin. ***Agus na bearta dá*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtagraítear sa mhír seo á ndéanamh acu, tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar an ngá atá leis an méid seo a leanas:***<br>***(a) plódú tráchta a laghdú, go háirithe gar do limistéir uirbeacha agus fho-uirbeacha nó i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha ag baint leo;***<br>***(b) naisc thrasteorann a fheabhsú;***<br>***(c) maolú a dhéanamh ar scoiteacht limistéar nach ann do bhonneagar iontu, agus aird á tabhairt ar riachtanais shonracha agus srianta sonracha na limistéar imeallaithe agus na limistéar is forimeallaí;***<br>***(d) inrochtaineacht agus nascacht a fheabhsú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar trína dtugtar rochtain ar chríochfoirt trasloingsithe; agus***<br>***(e) dlús a chur leis an aistriú chuig digitiú; agus***<br>***(f) tionchar an lastais iarnróid ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte phoiblí a laghdú, mar shampla trí na nithe seo a leanas a chur chun cinn: éifeachtúlacht na bhfeithiclí, úsáid a bhaint as breoslaí malartacha agus as breoslaí níos glaine, úsáid fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear i gcríochfoirt, nó trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as gréasáin iompair trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a chur chun feidhme.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit coinníollacha breise | Féadfaidh na Ballstáit coinníollacha breise |

| | |
|---|---|
| a leagan síos maidir le hincháilitheacht don tacaíocht. | a leagan síos maidir le hincháilitheacht don tacaíocht. ***Déanfaidh siad na coinníollacha sin a chur in iúl do na páirtithe leasmhara***. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** na Ballstáit bearta breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar a iomaíche atá oibríochtaí iompair chomhcheangailte i gcomparáid le hoibríochtaí coibhéiseacha malartacha iompair de bhóthar. | ***Faoin 31 Nollaig 2021, glacfaidh*** na Ballstáit bearta breise ***de chineál eacnamaíoch agus reachtach*** chun feabhas a chur ar iomaíochas an iompair chomhcheangailte i gcomparáid le hoibríochtaí coibhéiseacha iompair de bhóthar***, go háirithe d'fhonn an méid ama agus na costais a bhaineann le hoibríochtaí trasloingsithe a laghdú***. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***D'fhonn laghdú a dhéanamh ar an méid ama agus na costais a bhaineann le hoibríochtaí iompair chomhcheangailte, áireofar ar na bearta dá dtagraítear sa*** |

***chéad fhomhír ceann amháin nó níos mó ar a laghad de na dreasachtaí seo a leanas:***

***(a) tarlóirí a dhíolmhú ó na muirir costas seachtrach agus/nó ó na muirir plódaithe tráchta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 1999/62/CE, rud is chun tairbhe go háirithe d'fheithiclí arna gcumhachtú le breoslaí malartacha dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1a];***

***(b) na muirir le haghaidh úsáid bonneagair áirithe a aisíoc le gnóthais a thugann faoi oibríochtaí mar chuid d'oibríocht iompair chomhcheangailte;***

***(c) tarlóirí a dhíolmhú ó na teorainneacha a fhorchuirtear faoi thoirmisc thráchta náisiúnta.***

__________________

***[1a] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le húsáid a bhaint as bonneagar breoslaí ionadúla (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).***

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 2 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Agus bearta breise á ndéanamh acu, tabharfaidh na Ballstáit aird chuí freisin ar an ngá atá le dlús a chur leis an aistriú i dtreo earnáil an iompair chomhcheangailte a dhigitiú agus déanfaidh siad an méid seo a leanas go*** |

| | |
|---|---|
| | ***háirithe:*** |
| | ***(a) comhtháthú córas ceangailte agus uathoibriú oibríochtaí a chothú;*** |
| | ***(b) infheistíochtaí sa lóistíocht dhigiteach, sna teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus i gcórais iompair chliste a fheabhsú; agus*** |
| | ***(c) úsáid doiciméad páipéir a chéimniú amach sa todhchaí.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 5 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Áireofar ar bhearta breise den sórt sin dreasachtaí atá chun tairbhe d'úsáid céimeanna neamhbhóthair. Déanfaidh na Ballstáit bearta a chur san áireamh chun iomaíochas an iompair d'uiscebhealaí a neartú, bearta amhail dreasachtaí airgeadais chun úsáid a bhaint as bealaí loingis ghearrthurais farraige nó as uiscebhealaí intíre nó chun gearrnaisc nua farraige a chruthú.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 6 – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé mar aidhm le bearta tacaíochta d'oibríochtaí iompair chomhcheangailte iompar lasta de bhóthar a laghdú agus úsáid modhanna eile iompair amhail iompar d'iarnród, iompar d'uiscebhealaí intíre agus iompar muirí a spreagadh, rud a laghdódh truailliú aeir, astaíochtaí gás ceaptha teasa, timpistí tráchta ar bhóithre, torann agus plódú.; | 8. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé mar aidhm le bearta tacaíochta d'oibríochtaí iompair thraschórais iompar lasta de bhóthar a laghdú agus úsáid modhanna eile iompair amhail iompar d'iarnród, iompar d'uiscebhealaí intíre agus iompar muirí ***nó feithiclí astaíochtaí ísle, nó úsáid breoslaí ionadúla astaíochtaí ísle, amhail bithbhreoslaí, leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite, gás nádúrtha nó cealla hidrigine a spreagadh***, rud a laghdódh truailliú aeir, astaíochtaí gás ceaptha teasa, timpistí tráchta ar bhóithre, torann agus plódú. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 9a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis ábhartha a bhaineann leis na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 6 agus faisnéis ábhartha eile a fhoilsiú ar bhealach atá inrochtana go héasca agus saor in aisce, mar aon le faisnéis ábhartha eile chun críocha chur i bhfeidhm na Treorach seo. | 3. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis ábhartha a bhaineann leis na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 6 agus faisnéis ábhartha eile a fhoilsiú ***ar an idirlíon*** ar bhealach atá inrochtana go héasca agus saor in aisce, mar aon le faisnéis ábhartha eile chun críocha chur i bhfeidhm na Treorach seo. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 9a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá, an liosta d'údaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 agus liosta de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6 a fhoilsiú agus a nuashonrú.; | 4. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá, an liosta d'údaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 agus liosta de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6 a fhoilsiú ***ar an idirlíon*** agus a nuashonrú.; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**

Treoir 92/106/CEE

Airteagal 10a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***neamhchinntithe ama*** amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach (leasaithí) seo] | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***cúig bliana*** amhail ón [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach (leasaithí) seo]***. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*** |